2024/2878

11.11.2024

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2878 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 8 Samhain 2024**

**lena bhformheastar an tsubstaint bhunata *Allium fistulosum*, próiseáilte, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoracha 79/117/CEE agus 91/414/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 23(5) i gcomhar le hAirteagal 13(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 5 Márta 2021, fuair an Coimisiún iarratas ó *Institut Technique de l'Agriculture Biologique* ('an t-iarratasóir') ar fhormheas eastóscáin *Allium fistulosum* mar shubstaint bhunata atá le húsáid i gcosaint plandaí mar bhaictéiricíd le haghaidh cóireáil ithreach roimh thrátaí a chur i ngoirt agus i dtithe gloine buana. Chuir an t-iarratasóir iarratas athbhreithnithe isteach i mí an Mheithimh 2021, agus bhí an fhaisnéis a cheanglaítear faoi Airteagal 23(3), an dara fomhír, de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ag gabháil leis.

(2) D'iarr an Coimisiún cúnamh eolaíoch ar an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') de bhun Airteagal 23(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009. Sholáthair an tÚdarás tuarascáil theicniúil don Choimisiún maidir le *Allium fistulosum* an 31 Deireadh Fómhair 2023 ([2]).

(3) Cuireadh iarratas isteach le haghaidh 'eastóscán *Allium fistulosum*'. Leis an doiciméadacht a chuir an t-iarratasóir ar fáil, áfach, léirítear gur féidir an planda *Allium fistulosum* a úsáid in dhá fhoirmliú éagsúla: mar eastóscán uisce nó i bhfoirm píosaí úra mionghearrtha den phlanda. Measadh, dá bhrí sin, gurbh iomchuí an dá mhodh próiseála a áireamh in ainm na substainte bunata agus raon feidhme an iarratais a shainiú mar raon feidhme lena gcumhdaítear '*Allium fistulosum*, próiseáilte'.

(4) Leis an bhfaisnéis a chuir an iarratasóir ar fáil, léirítear go gcomhlíonann *Allium fistulosum* na critéir maidir le táirge bia mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]). Thairis sin, ní úsáidtear é den chuid is mó chun críocha cosanta plandaí ach mar sin féin tá *Allium fistulosum*, próiseáilte, úsáideach chun críoch cosanta plandaí nuair atá sé i dtáirge ina bhfuil an tsubstaint féin nó an tsubstaint agus caolaitheoir simplí. Dá bharr sin, ba cheart é a mheas mar shubstaint bhunata.

(5) Ar bhonn na faisnéise a soláthraíodh san iarratas agus sa tuarascáil theicniúil ón Údarás, is féidir teacht ar an gconclúid freisin nach substaint ar ábhar imní í *Allium fistulosum*, próiseáilte, agus níl sé de chumas intreach aici bheith ina cúis le héifeachtaí suaiteora inchríngh, éifeachtaí néarthocsaineacha nó éifeachtaí imdhíon-thocsaineacha. Thairis sin, ní chuirtear ar an margadh mar tháirge cosanta plandaí í. Dá réir sin, comhlíonann *Allium fistulosum*, próiseáilte, na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 23(1), an dara fomhír, de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.

---

([1]) IO L 309, 24.11.2009, lch. 1, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2009/1107/oj.

([2]) EFSA (An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia), 2023. Conclúidí foriomlána maidir leis an iarratas ar fhormheas *Allium fistulosum* mar shubstaint bhunata lena húsáid i gcosaint plandaí mar bhaictéiricíd. Foilseachán tacaíochta EFSA 2023: EN-8433. 119pp.; doi:10.2903/sp.efsa.2023.EN-8433.

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta maidir le dlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i dtaca le sábháilteacht bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2002/178/oj).

(6) Tar éis scrúdú a dhéanamh ar an iarratas agus ar na doiciméid ábhartha uile, thángthas ar an gconclúid go sásaítear, go ginearálta, le *Allium fistulosum*, próiseáilte, na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 23 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, go háirithe i ndáil leis na húsáidí a ndearnadh scrúdú orthu agus a ndearnadh mionsonrú orthu i dtuarascáil athbhreithniúcháin an Choimisiúin. Dá bhrí sin, is iomchuí *Allium fistulosum*, próiseáilte, a fhormheas mar shubstaint bhunata.

(7) I gcomhréir le hAirteagal 23(5) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 6 de, agus i bhfianaise an eolais eolaíoch reatha agus an eolais theicniúil reatha, is gá, áfach, coinníollacha áirithe le haghaidh an fhormheasa a chur san áireamh, mar a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

(8) Chuir an Coimisiún an tuarascáil athbhreithniúcháin ([4]) agus dréacht den Rialachán seo faoi bhráid an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha an 23 Bealtaine 2024 agus an 11 Iúil 2024, faoi seach.

(9) I gcomhréir le hAirteagal 23(5) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 13(4) de, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún ([5]) a leasú dá réir.

(10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Formheas substainte bunata**

Formheastar an tsubstaint *Allium fistulosum*, próiseáilte, mar a shonraítear in Iarscríbhinn I, mar shubstaint bhunata faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

*Airteagal 2*

**Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011**

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

([4]) Final Review report for the basic substance Allium fistulosum, processed, finalised by the Standing Committee on Plants, Animals, Food and Feed on 3 October 2024 in view of the approval of Allium fistulosum, processed, as basic substance in accordance with Regulation (EC) No 1107/2009. ('Tuarascáil athbhreithniúcháin chríochnaitheach maidir leis an tsubstaint bhunata *Allium fistulosum*, próiseáilte, arna tabhairt chun críche ag cruinniú an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha an 3 Deireadh Fómhair 2024 d'fhonn *Allium fistulosum*, próiseáilte, a fhormheas mar shubstaint bhunata i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009'].

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liosta na substaintí gníomhacha formheasta (IO L 153, 11.6.2011, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2011/540/oj).

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Samhain 2024.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN I*

| Gnáthainm, Uimhreacha Aitheantais | Ainm IUPAC | Íonacht [1] | Dáta formheasa | Forálacha sonracha |
|---|---|---|---|---|
| *Allium fistulosum*, próiseáilte<br><br>Uimh. CAS: Níl sé ar fáil<br><br>Uimh. CIPAC: Níl sé ar fáil | Níl sé ar fáil | Grád bia<br>tá sé comhlíontach le forálacha Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [2], le forálacha Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [3]agus le forálacha Rialachán (AE) 2023/915 ón gCoimisiún maidir le huasleibhéil le haghaidh éilleáin áirithe i mbia agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 [4]. | an 1 Nollaig 2024 | Úsáidfear *Allium fistulosum*, próiseáilte, i gcomhréir leis na coinníollacha sonracha a áirítear i gconclúidí na tuarascála athbhreithniúcháin maidir le *Allium fistulosum*, próiseáilte, (PLAN/2024/798) agus go háirithe Foscríbhinní I agus II di. |

[1] Sa tuarascáil athbhreithniúcháin soláthraítear mionsonraí breise maidir le haitheantas, sonraíocht agus modh úsáide na substainte bunata.

[2] Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta maidir le dlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i gcúrsaí sábháilteacht bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2002/178/oj).

[3] Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhair lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó de bhunadh ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin, agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 70, 16.3.2005, lch. 1; ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2005/396/2024 05 11).

[4] Rialachán (AE) 2023/915 ón gCoimisiún an 25 Aibreán 2023 maidir le huasleibhéil le haghaidh éilleáin áirithe i mbia agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 (IO L 119, 5.5.2023, lch. 103; ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/915/oj).

*IARSCRÍBHINN II*

I gCuid C den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, cuirtear isteach an iontráil seo a leanas:

| Uimhir | Gnáthainm, Uimhreacha Aitheantais | Ainm IUPAC | Íonacht [1] | Dáta formheasa | Forálacha sonracha |
|---|---|---|---|---|---|
| '27 | *Allium fistulosum*, próiseáilte<br><br>Uimh. CAS: Níl sé ar fáil<br><br>Uimh. CIPAC: Níl sé ar fáil | Níl sé ar fáil | Grád bia<br>tá sé comhlíontach le forálacha Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [2], le forálacha Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [3]agus le forálacha Rialachán (AE) 2023/915 ón gCoimisiún maidir le huasleibhéil le haghaidh éilleáin áirithe i mbia agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 [4]. | an 1 Nollaig 2024 | Úsáidfear *Allium fistulosum*, próiseáilte, i gcomhréir leis na coinníollacha sonracha a áirítear i gconclúidí na tuarascála athbhreithniúcháin maidir le *Allium fistulosum*, próiseáilte, (PLAN/2024/798) agus go háirithe Foscríbhinní I agus II di.' |

(1) Sa tuarascáil athbhreithniúcháin soláthraítear mionsonraí breise maidir le haitheantas, sonraíocht agus modh úsáide na substainte bunata.

(2) Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta maidir le dlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i gcúrsaí sábháilteacht bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2002/178/oj).

(3) Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhair lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó de bhunadh ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin, agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 70, 16.3.2005, lch. 1; ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2005/396/2024 05 11).

(4) Rialachán (AE) 2023/915 ón gCoimisiún an 25 Aibreán 2023 maidir le huasleibhéil le haghaidh éilleáin áirithe i mbia agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 (IO L 119, 5.5.2023, lch. 103; ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/915/oj).